Eagarthóir Taighde (post amháin); Conradh suas le 18 mí ó dheireadh Feabhra 2018

Tá eagarthóir taighde ar conradh á earcú ag Fiontar & Scoil na Gaeilge chun oibriú ar thionscadail éagsúla i réimsí na téarmeolaíochta agus na ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge. D'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla seo a leanas a bheith i gceist ó am go ham: logainm.ie, tearma.ie, ainm.ie, iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge), dúchas.ie agus gaois.ie. Beidh an t-eagarthóir taighde ina bhall de mheitheal idirdhisciplíneach a phléann le gnéithe den téarmeolaíocht, den logainmníocht, den bheathaisnéisíocht agus den bhéaloideas, i measc réimsí eile.

Tuarastal ar an scála:*
€38,750–€39,860–€41,003
* Pointe tosaigh de réir cáilíochtaí agus taithí.

Riachtanais:

- Céim PhD nó a hiontamhail mar aon le bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge.
- Taithí chuí ar obair thaighde.
- Gaeilge líofa mar aon le caighdeán an-ard sa Ghaeilge scríofa.

Inmhianaithe:

- Taithí ar réimse na téarmeolaíochta nó réimse an dlí nó an dá rud.

Tá sonrúchán an phoist seo ar fáil ag www.dcu.ie/vacancies/current.shtml

Spriocdháta iarratais: 17.00 Dé hAoine, an 19 Eanáir.

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó: Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ascaill Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 9.
Fón: +353 (0)1 700 5149; Facs: +353 (0)1 700 5500
R-phost: hr.applications@dcu.ie
www.dcu.ie/vacancies/current.shtml

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Déanann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, páirtmhaoiniú ar chuid de na tionscadail seo.